# BusConnects Chorcaí

# Tá an dara Babhta Comhairliúcháin Phoiblí ar siúl anois

## le haghaidh Chonairí Iompair Inbhuanaithe Chorcaí

Is é BusConnects Chorcaí an togra ón Údarás Náisiúnta Iompair a bhfuil mar aidhm leis **11 Chonair Iompair Inbhuanaithe nua** a sholáthar do Chorcaigh. Soláthróidh sé sin:

91km de lánaí bus/de thosaíocht bus

+

96km de shaoráidí rothaíochta (i dtreo amháin), ag soláthar 48km den ghréasán rothaíochta

Trí BusConnects Chorcaí, tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag infheistiú €600m i dtodhchaí inbhuanaithe do Chorcaigh chun tacú le fás na cathrach san fhiche bliain romhainn agus chun ár n-oibleagáidí aeráide a chomhlíonadh.

Rachaidh na conairí iompair inbhuanaithe nua chun tairbhe don chathair ar na dóigheanna seo a leanas:

- gréasán iompair phoiblí níos éifeachtúla a chruthú
- agaí turais bus a laghdú agus iontaofacht a fheabhsú
- timpeallacht níos sábháilte a chruthú do rothaithe agus do choisithe
- freastal níos fearr ar riachtanais gach úsáideora bóithre
- cathair níos inbhuanaithe níos inchónaithe a chruthú

Le linn mhí an Mheithimh 2022, chuir BusConnects Chorcaí tús leis an gcéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí. Sa chomhairliúchán 13 seachtaine, fuair an tÚdarás Náisiúnta Iompair trí mhíle aighneacht.

## LABHAIR SIBH AGUS D'ÉISTEAMAR

Bunaithe ar bhur n-aiseolas anuraidh, rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair roinnt leasuithe ar na tograí tosaigh uaidh. Ceann de na príomhathruithe le tabhairt faoi deara is ea go bhfuil **11 scéim, in ionad 12 scéim**, á mbeartú againn anois. Níl an chonair ó Thobar Rí an Domhnaigh go Cnoc an Chuilinn á cur ar aghaidh mar scéim aonair a thuilleadh, agus codanna den chonair curtha ar áireamh anois i scéimeanna in aice láimhe.

## Chun do thuairimí a chur in iúl agus an 11 togra leasaithe uile eile a athbhreithniú go mion, téigh chuig:

Suíomh Gréasáin: **www.BusConnects.ie/cork**
Tairseach an Chomhairliúcháin: **https://consult.nationaltransport.ie**

Saorghlao: **1800 303 653**

R-phost: **corkstc@busconnects.ie**

Dá mba mhaith leat aighneacht i scríbhinn a sheoladh isteach, seol í chuig: **Oifig Chorcaí den Údarás Náisiúnta Iompair, Seomra 427, 1 Cé Uí Argáin, Cearnóg an Éadain le hUisce, Corcaigh, T23 PPT8.**

## Tar agus labhair linn

Cuirfear sraith Imeachtaí Faisnéise Poiblí ar siúl freisin le linn mhí Aibreáin. Is féidir mionsonraí iomlána a aimsiú ar shuíomh Gréasáin BusConnects Chorcaí.

Faoi mar a bhí amhlaidh i gcás an chéad bhabhta comhairliúcháin phoiblí, beidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair ag cur Fóraim Phobail ar siúl ó dheireadh mhí Aibreáin i leith d'ionadaithe cumann cónaitheoirí, do ghrúpaí pobail, do chumainn ghnó, do ghrúpaí sainleasa agus d'ionadaithe poiblí.

Chun do chumann nó do ghrúpa a chlárú, seol ríomhphost chuig **corkstc@busconnects.ie**, agus d'ainm, do shonraí teagmhála agus an Chonair Iompair Inbhuanaithe ábhartha a bhfuil leas ag do chumann/do ghrúpa inti á lua.

NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority | BUS CONNECTS CORCAIGH IOMPAR INBHUANAITHE DO CHATHAIR NÍOS FEARR. | Comhairle Cathrach Chorcaí Cork City Council | Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

# BusConnects Cork

# The 2nd Round of Public Consultation is now underway

## for Cork's Sustainable Transport Corridors (STCs)

BusConnects Cork is the National Transport Authority's (NTA) proposals to deliver **11 new Sustainable Transport Corridors** (STCs) for Cork. This will deliver:

91km of bus lane/bus priority

+

96km of cycle facilities (one direction) delivering 48km of the cycle network

Through BusConnects Cork the NTA is investing €600m in a sustainable future to support the city's growth over the coming two decades and meet our climate obligations. The new sustainable transport corridors will benefit the city in the following ways:

- create a more efficient public transport network
- reduce bus journey times and improve reliability
- create a safer environment for cyclists and pedestrians
- better serve the needs of all road users
- create a more sustainable and liveable city

In June 2022, BusConnects Cork commenced its first round of public consultation. The 13 week consultation led to three thousand submissions being received by the NTA.

## YOU SPOKE AND WE LISTENED.

Based on your feedback last year, the NTA has made a number of revisions to its initial proposals. One of the main changes to note is that we are now proposing **11 schemes instead of 12 STCs**. Sunday's Well to Hollyhill STC is no longer being progressed as an individual scheme, with sections of the corridor being incorporated into adjacent schemes.

## Have your say and review all of the other 11 revised proposals in detail, and, please visit:

Website: **www.BusConnects.ie/cork**
Consultation Portal: **https://consult.nationaltransport.ie**

Freefone: **1800 303 653**

Email: **corkstc@busconnects.ie**

If you would like to send in a written submission please send to: **NTA Cork Office, Suite 427, 1 Horgan's Quay, Waterfront Square, Cork, T23 PPT8.**

## To come along and talk to us

A series **of Public Information Events** will also be held during April. Full details can be found on the BusConnects Cork website.

As with the first round of public consultation, the NTA will be holding Community Forums, commencing at the end of April, for representatives of residents' associations, community groups, business associations and special interest groups, along with public representatives.

To register your association or group, please email **corkstc@busconnects.ie** with your name and contact details, plus the relevant Sustainable Transport Corridor of interest to your association/group.


NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority | BUS CONNECTS CORK SUSTAINABLE TRANSPORT FOR A BETTER CITY. | Comhairle Cathrach Chorcaí Cork City Council | Rialtas na hÉireann Government of Ireland | Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

# 11 Proposed Sustainable Transport Corridors
## across Cork City

- Dunkettle to City
- Mayfield to City
- Blackpool to City
- Hollyhill to City
- Ballincollig to City
- Bishopstown to City
- Togher to City
- Airport Road to City
- Maryborough Hill to City
- Mahon to City
- Kinsale Road to Douglas

# 11 Chonair Iompair Inbhuanaithe atá Beartaithe
## ar fud Chathair Chorcaí

- Dún Citil go dtí an Chathair
- Baile na mBocht go dtí an Chathair
- An Linn Dubh go dtí an Chathair
- Cnoc an Chuilinn go dtí an Chathair
- Baile an Chollaigh go dtí an Chathair
- Baile an Easpaig go dtí an Chathair
- An Tóchar go dtí an Chathair
- Bóthar an Aerfoirt go dtí an Chathair
- Cnoc Maryborough go dtí an Chathair
- Machain go dtí an Chathair
- Bóthar Chionn tSáile go Dúglas




Sustainable Transport Corridor
Alternative Cycle Facilities

Conair Iompair Inbhuanaithe
Saoráidí Malartacha Rothaíochta